AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, IONAD EOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE, COLÁISTE OLLSCOILE BHAILE ÁTHA CLIATH, BELFIEL

## CLÁR AN ÁBHAIR


**Réamhrá an Stiúrthóra** 3

**Ráiteas Misin** 5

**Feidhm an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre** 6

**Tionchar Covid 19** 9

**Gaiscí agus Forbraíochtaí in 2020** 10

**Samplaí a Fuarthas sa tSaotharlann le haghaidh Anailíse** 12

**Clár Alcóil: Fuil agus Fual** 18

**Clár Alcóil: Anáil** 21

**Clár Tocsaineolaíochta** 26

**Dearbhú Cáilíochta** 33

**Clár Tástála Inniúlachta** 34

**Eolas Airgeadais & Rialú Corparáideach** 35

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach** 39

**Saoráil Faisnéise** 41

**Soláthar Foirne** 41

**Cairt Eagraíochtúil MBRS** 42

**Comhdhálacha agus Cúrsaí ar fhreastail an Fhoireann orthu in 2020** 43

**Ídiú Fuinnimh** 45

**Séanadh Dlíthiúil** 45

# RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA

Cuirtear achoimre ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmíocht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh na bliana 2020. Cuirtear faisnéis ábhartha agus thábhachtach, figiúirí agus sonraí ar fáil inti chomh maith maidir leis an tiomáint faoi thionchar ábhar meisciúil agus maidir le ról leanúnach an Bhiúró sa Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2013-2020.

Cuireann an Biúró seirbhís náisiúnta comhtháite ardchaighdeáin san eolaíocht fhóiréinseach agus sa leigheas ar fáil maidir le brath ábhair mheisciúil agus taighde. Bíonn ról lárnach leanúnach aige seo i dtaca le líon na mbásanna agus na ngortuithe ar bhóithre na hÉireann a laghdú. 30 duine in aghaidh an mhilliúin den daonra a cailleadh ar na bóithre in 2020, arb ionann é agus an cúigiú ráta is ísle san Aontas Eorpach Bíonn an Biúró ag comhoibriú go leanúnach leis an Roinn Iompair, An Garda Síochána agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chomh maith le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile san iarracht dhúshlánach atá á déanamh le “Fís a Náid” a bhaint amach maidir le básanna agus gortuithe ar na bóithre.

Ba é tionchar na paindéime Covid-19 ó mhí an Mhárta 2020 go dtí 2021 an dúshlán ba mhó ar thug Éire aghaidh air le blianta anuas. Bhí tionchar aici ar ghnó agus ar shaol sóisialta na tíre ar shlí nach raibh aon duine ag súil léi. Mheas an rialtas go foirmiúil gur seirbhís éigeantach ba ea an Biúró agus tugadh díolúine dó ó na srianta dúnta sláinte poiblí a tugadh isteach i mí an Mhárta. Chuir an Biúró clár beart le chéile maidir le sláinte agus sábháilteacht ionas go bhféadfaí tabhairt faoi na feidhmeanna riachtanacha go sábháilte agus ar bhonn rialaithe gan aon chur isteach ar a chuid oibre fóiréinsí. Lean roinnt de na bearta ar aghaidh go dtí an bhliain 2021 mar gheall ar an bpaindéim leanúnach.

In ainneoin gur cuireadh srianta déine i bhfeidhm ar ghluaiseacht, go háirithe sa chéad dianghlasáil idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh, a raibh laghdú 70% ar thrácht mar thoradh uirthi, tháinig méadú 23% ar líon na samplaí fola agus fuail a cuireadh chun an Bhiúró le haghaidh na hanailíse meisciúla. Tháinig méadú suntasach ar obair an Bhiúró le linn na bliana 2020 agus leanann sé ar aghaidh i mbun na hoibre seo ar leibhéal níos airde sa bhliain 2021.

Rinneadh líon na ngléasanna tástála drugaí tosaigh a cuireadh ar fáil do Ghardaí le húsáid ar thaobh an bhóthair a mhéadú trí 43 gléas breise a scaoileadh amach ó stáisiúin Ghardaí le húsáid ar thaobh an bhóthair i ndiaidh d’athbhreithniú straitéiseach a bheith déanta leis an nGarda Síochána i mí Lúnasa 2020. Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí 130 gléas ar fáil don tástáil drugaí le húsáid ar thaobh an bhóthair i gcomparáid leis an 75 gléas a bhí ar fáil ag deireadh na bliana 2019, agus méadú 61% tagtha ar líon na dtástálacha PDT le linn na bliana 2019. Bhí uirlisí tástála anála alcóil fianaiseacha ar fáil in 86 stáisiún Gardaí ar fud na tíre. Cé gur cuireadh roinnt tástálacha ar na huirlisí seo ar fionraí i mí Aibreáin mar gheall ar na srianta taistil, coimeádadh gach ceann den 86 uirlis nach mór sa tseirbhís ar bhonn leanúnach agus rinneadh athsceidealú cúramach ar chuairteanna eolaithe an bhiúró ar na stáisiúin.

Tháinig méadú 23% ar líon na samplaí fola agus fuail a fuarthas le haghaidh anailíse alcóil le linn na bliana 2019 agus tháinig méadú 39% ar an uimhir chéanna sin le haghaidh anailíse tocsaineolaíochta drugaí. Tháinig laghdú 39% ar uimhreacha tástála anála fianaiseacha sna figiúirí ón mbliain 2019 de réir mar a laghdaigh na Gardaí an saghas seo tástála agus gur leag siad béim ní ba mhó ar thástáil drugaí ar thaobh an bhóthair agus ar shamplaí sna stáisiúin Ghardaí le haghaidh anailís ar dhrugaí. Tháinig méadú ar fhearais thástála fola agus fuail eisithe ag an mBiúró ó 6,300 sa bhliain 2019 go dtí 7,900 sa bhliain 2020.

Tá dúshlán á chruthú ag an méadú suntasach atá ag teacht ar shamplaí fola agus fuail le haghaidh na hanailíse d'acmhainní an Bhiúró ach leanadh leis an dearbhú cáilíochta in éineacht le creidiúnú ISO i gcónaí i gcás an chuid is mó de na tástálacha a bhí ag teastáil agus ghlac an Biúró páirt i roinnt mhaith Scéimeanna Tástála Inniúlachta.

Cuirtear mionsonraí eipidéimeolaíochta ar fáil sa tuarascáil seo ar nós meánleibhéil na fola, an fhuail agus an alcóil san anáil a braitheadh (148mg/100ml, 199 mg/100ml agus 51µg/100ml faoi seach) agus céatadán na dtiománaithe a raibh leibhéil shuntasacha alcóil ina gcóras acu (as na samplaí dearfacha alcóil, bhí 75% de na torthaí fola níos mó ná 100mg/100ml; bhí 70% de na torthaí fuail níos mó ná 135mg/100ml; agus bhí 64% de thorthaí an alcóil san anáil níos mó ná 36µg/100ml). As na 4,489 sampla fola agus fuail a ndearnadh tástáil dhrugaí orthu (méadú 39%), bhí 3,650 acu (81% de na samplaí tocsaineolaíochta agus 61% de na samplaí ar fad a fuarthas) dearfach maidir le grúpa drugaí amháin sa tástáil tosaigh a chuir leis an méadú iomlán 49% sna torthaí dearbhaithe drugaí. Cuireadh eolas breise maidir le drugaí agus tiomáint le suíomh an Bhiúró le linn na bliana 2020.

Lean cláir thraenála agus faisnéise ar aghaidh don Gharda Síochána le linn bhliain na paindéime 2020, de réir bheartas cosanta na sláinte poiblí. Tá an Biúró fós rannpháirteach agus ag cur le comhdhálacha agus le cúrsaí foghlama náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tá sé gníomhach i gcónaí mar bhall de chomhlachtaí ábhartha ar nós an Coiste Aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre; cruinnithe ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ag an Malartán Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre; agus an Oifig Náisiúnta um Leigheas Tráchta ag Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann maidir le treoirlínte a bhaineann le folláine leighis don tiomáint. Reáchtáladh an chuid is mó de na cruinnithe seo ar ardáin chruinnithe ar líne i ndiaidh mhí an Mhárta 2020.

Tá an Biúró ag súil le leanúint ar aghaidh lena chuid rannpháirtíochta i gcoinne na ndúshlán a bhíonn le sárú i gcónaí le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus le tacú léi ar son ár gcuid sibhialtach ar fad le linn na bliana 2021 agus tá sé ag súil le timpeallacht dhearfach athraithe i ndiaidh thréimhse na paindéime Covid-19.

**An tOllamh Denis A. Cusack**
**Stiúrthóir**

**RÁITEAS MISIN:**

***"Chun seirbhís náisiúnta fhóiréinseach ardchaighdeáin a chur ar fáil le halcól agus drugaí (ábhar meisciúil) a bhraith mar thacaíocht ag fheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta um thrácht ar bhóithre agus le cabhrú le***
***bearta um shábháilteacht ar bhóithre agus um leighis folláine chun tiomána."***




## FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá an fhreagracht maidir le tástáil cheimiceach a dhéanamh ar ábhair mheisciúla sa tiomáint in Éirinn, atá mar chomhlacht corparáideach bunaithe ag an Aire Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 1968 faoi Chuid V d'Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968.

Athraíodh teideal an Aire go dtí an tAire Comhshaoil & Rialtais Áitiúil ar an 22 Iúil 1997. I mí an Mheithimh 2002, tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi sciath chosanta an Aire Iompair faoin Ordú, Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú, 2002.

Ón mbliain 2011, tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 - 2016.



Nuair a bunaíodh an Biúró sa bhliain 1968 thosaigh sé ag feidhmiú le haghaidh Tástáil Alcóil ar Thaobh an Bhóthair, Anailís Alcóil san Fhuil agus san Fhual, Eisiúint Teastas agus soláthar trealaimh le samplaí a thógáil (fearais).

Tá neart athruithe reachtaíochta tarlaithe mar shampla, an tástáil fhianaiseach alcóil san anáil (EBT) agus an tiomáint faoi thionchar drugaí (DUID), samplaí curtha ar fáil in ospidéil, samplaí tógtha ó thiománaithe a raibh tuairt acu agus tástáil éigeantach ar ábhar meisciúil lena n-áireofar Réamhthástáil Alcóil san Anáil (PBT) agus Réamhthástáil Drugaí (PDT). Eisíonn an Biúró teastais faoi alt 17 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 (arna leasú 2016), agus dlús an alcóil san fhuil agus san fhual á dheimhniú, méid de dhruga nó de dhrugaí san fhuil nó san fhual á dheimhniú agus dlús druga nó drugaí san fhuil á dheimhniú.

De réir an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2018, gearrfar pionós níos dhéine ar thiománaithe a bhfuil leibhéal alcóil idir 50mg/100ml agus 80mg/100ml ina gcuid fola acu agus an leibhéal comhionainn in gcuid fuail nó ina gcuid anála, a thugann le fios go mbíonn tionchar ar méid beag alcóil ar an tiomáint.

De réir ionstraim reachtaíochta 385 in 2020, ceadaíodh teastais a eisiúint faoi alt 17 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 le haghaidh méid na ndrugaí áirithe a aimsíodh, seachas don chineál druga amháin. Eisítear dlús na ndrugaí sin a liostáladh le teorainneacha *per se* faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 ar an teastas céanna nuair is cuí. Tá cuíchóiriú déanta aige seo ar an bpróiseas tuairiscithe agus cuireann sé níos mó eolais ar fáil don Tiománaí, Don Gharda Síochána agus don Chúirt.

I gcaitheamh na bliana 2020, dhírigh an Biúró ar a chuid freagrachtaí dlí mar a leagadh amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (RTA) agus i dtaca le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Feidhmíonn an Biúró d'fhonn na feidhmeanna idirnasctha thíos a chomhlíonadh.

- Fuil agus Fual
  Anailís ar Alcól
- Alcól san Anáil
  Anailís
- Fuil agus Fual
  Anailís ar Dhrugaí
- Druga i Leacht an Bhéil
  Tástáil
- Taighde - Tiomáint faoi thionchar Ábhar Meisciúil
  Teicneolaíochtaí Nua
- Sainfhinné Gairmiúil
- Gnóthaí Corparáideacha agus Airgeadais
- Dearbhú Cáilíochta

Fanann an Biúró cothrom le dáta maidir le cúrsaí teicneolaíochta agus bíonn na modhanna anailíse is fearr in úsáid acu. Tá sé tar éis coinneáil suas leis an nuálaíocht i dtéarmaí ionstraimíochta i réimse braite an alcóil agus drugaí sa tsaotharlann agus lasmuigh den tsaotharlann - ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin na nGardaí.

Cuireann an Biúró seirbhís ar fáil don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, do na Cúirteanna, don Gharda Síochána, don chosaint, don ionchúiseamh agus don phobal.

Braitheann an rath leanúnach a bhíonn ar fheidhmíocht an Bhiúró ar an infheistíocht i gcúrsaí oiliúna don fhoireann agus i bhforbairt scileanna. Is é an Stiúrthóir atá freagrach as feidhmiú an Bhiúró ar bhonn laethúil. Is é an Príomhanailísí atá freagrach as feidhmiú na saotharlann agus a gcuid clár ar bhonn laethúil. Tá bainisteoir cláir dá gcuid féin ag gach clár ar leibhéal an Phríomhanailísí. Is é an Riarthóir Sinsearach atá freagrach as an gclár Corparáideach/Airgeadais agus as cúrsaí riaracháin ginearálta laistigh den Bhiúró. Tá Bainisteoir Cáilíochta ag an mBiúró ar leibhéal an Phríomhanailísí.

## Tionchar Covid-19

Cothaíodh éiginnteacht fhorleathan agus cuireadh isteach go mór ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann le teacht na paindéime Covid-19 ar shlí nach raibh éinne ag súil leis. Bhí tionchar láithreach ag Covid-19 agus ag srianta na sláinte poiblí, a chuir an rialtas i bhfeidhm le cosc a chur le scaipeadh an víris, ar shaol gnó agus ar shaol sóisialta na tíre, agus ar ghnéithe tábhachtacha den ról againne mar sheirbhís riachtanach.

Tá ról tábhachtach ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus seirbhís riachtanach a cur ar fáil acu don Gharda Síochána, mar sin, níor ghá dó cloí le comhairle an Rialtais maidir le dúnadh go luath i mí an Mhárta 2020. Ina dhiaidh seo, chuir an Biúró sraith beart i bhfeidhm láithreach chun go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh ag feidhmiú chomh maith agus ab fhéidir, agus na feidhmeanna riachtanacha reachtaíochta á gcomhlíonadh go sábháilte agus faoi rialú. Nuair a tugadh na bearta seo isteach ar dtús, bhíothas ag súil go mbeidís i bhfeidhm ar bhonn gearrthéarmach, ar nós an chuid is mó de thacaíochtaí a bhain le COVID-19.

Ó mhí Aibreáín 2020, cuireadh triúr eolaithe ag obair ar bhonn gearrthéarmach leis an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris (NVRL). Chabhraigh sé seo go mór le freagairt éigeandála an NVRL ar chás na paindéime a bhí ag titim amach. Ós rud é go bhfuil an NVRL ar an gcampas céanna, bhí an triúr eolaithe ar fhoireann MBRS in ann tosú láithreach.

Cuireadh síneadh leis na bearta, áfach, ar feadh na bliana 2020 ina hiomláine go dtí an bhliain 2021, mar gheall ar an ngéarchéim leanúnach. Mar a rinne neart eagraíochtaí ar fud na tíre agus timpeall an domhain, chuaigh an Biúró in oiriúint

go tapaigh le cinntiú go raibh a chuid oifigí agus saotharlann ina dtimpeallachtaí sábháilte do phearsanra agus le cinntiú go raibh bearta oiriúnacha curtha i bhfeidhm sa Phlean Freagartha COVID-19 aige.

D'fhorbair an Biúró an Plean Freagartha aige i dtiúin le UCD, le Ranna an Rialtais agus le comhlachtaí Sláinte le cinntiú go mbeadh cur chuige comhordaithe i gceist leis an víreas a chosc sa láthair oibre, ach go leanfaí ar aghaidh leis an tseirbhís riachtanach gan mórán de chur isteach. Cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm mar chuid den phlean freagartha; an chianobair, athruithe maidir le hobair i sealanna, oiliúint ionduchtaithe, scaradh sóisialta sa láthair oibre, Trealamh Cosanta Pearsanta curtha ar fáil, nósanna imeachta glantacháin & díghalraithe, comharthaíocht sláinte poiblí agus cur i bhfeidhm prótacal foirne maidir le cásanna féideartha COVID-19.

Agus méadú tagtha láithreach ar líon na bpatról agus na seicphointí ag na Gardaí, chomh maith leis na srianta taistil a cuireadh i bhfeidhm don phobal ginearálta, d'ullmhaigh an Biúró iad féin don anailís leanúnach gan cur isteach ar shamplaí fola agus fuail, do sholáthar an trealaimh riachtanaigh do na Gardaí le haghaidh na riachtanas feidhmíochta acu agus don tacaíocht riachtanach maidir leis an bhfóiréinsic agus an eolaíocht dá n-úsáid le linn na Paindéime Covid 19. Tháinig méadú suntasach ar obair an Bhiúró le linn na paindéime seo agus leanann sé ar aghaidh i mbun na hoibre seo ar leibhéal níos airde.

In ainneoin na srianta in 2020, tháinig méadú 23% ar na samplaí fola agus fuail a fuair an MBRS agus tháinig méadú 39% ar an tástáil Drugaí, i gcomparáid leis an mbliain 2019. Chothaigh an méadú seo ar shamplaí dúshlán suntasach don chlár tástála drugaí le linn na tréimhse a raibh athruithe tagtha ar chleachtais na saotharlainne le cloí leis na bearta sláinte agus sábháilteachta a bhain le baol Covid a laghdú.

D'éirigh leis an gclár Tocsaineolaíochta tástálacha a chur i gcrích go leanúnach le linn tréimhsí uile na paindéime. Cuireadh pátrún sealanna i bhfeidhm ar dtús ach cuireadh deireadh leis, agus cuireadh tús le gnáth-phátrúin oibre arís. I mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine, cuireadh tuairisciú na mbeinsidhé-asaipíní ar fionraí sa chás go raibh druga eile i láthair. Cuireadh tús leis an tástáil iomlán i mí an Mheithimh, 2020.

# GAISCÍ & FORBRAÍOCHTAÍ SA BHLIAIN 2020

Chothaigh paindéim Covid - 19 dúshláin ar leith don Bhiúró ar nós an méadú ar shamplaí, nach raibh éinne ag súil leis, á gcur ar aghaidh go dtí an Biúró cé go raibh laghdú mór tagtha ar mhéid na tráchta. Cuireadh bearta áirithe sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm, agus chuir siad seo srianta le gnáth-chleachtais oibre.

## Réamhthástáil Drugaí

Tháinig ardú ar an Réamhthástáil Drugaí (PDT) de réir a chéile ar fud na tíre. De réir gníomh 124 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020, thagadh an grúpa athbhreithnithe PDT, a raibh an Príomhanailísí mar chathaoirleach acu, agus baill ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, ón nGarda Síochána agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le chéile le hathbhreithniú agus le meastóireacht a dhéanamh ar úsáid na tástála ar thaobh an bhóthair, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an teicneolaíocht agus ar na córais thástála nua a bhí ar fáil a d'fhéadfadh feabhas a chur ar chumas An Gharda Síochána drugaí a bhrath. Foilsíodh fógra eolais roimh ré le meastóireacht a dhéanamh ar an margadh agus ar an bhfáil a bhí ar theicneolaíochtaí forbartha le haghaidh na réamhthástála.

## Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí

Bíonn Réamh-Scagthástáil Drugaí ar siúl i gcónaí ag an mBiúró agus úsáid á baint as LC-MS-MS le haghaidh anailís na ndrugaí. Sna blianta atá caite, dhéantaí scagthástáil ar na samplaí ar fad a raibh leibhéal alcóil níos ísle ná 80mg/100ml fola acu nó a mhacasamhail, le féachaint an raibh drugaí i láthair. Rinneadh é seo a leathnú amach chun go gcuirfí na samplaí ar fad san áireamh a raibh leibhéal alcóil níos ísle ná 100mg/100ml fola acu nó a mhacasamhail. Is fusa an druga ar leith nó na drugaí a aithint ag an gcéim thosaigh seo agus an modh scagthástála LC-MS-MS in úsáid.

## Tástáil Deimhniúcháin Saotharlainne Drugaí

Cuireadh na samplaí ar fad a raibh toradh dearfach acu i leith druga amháin nó drugaí i ndiaidh na scagthástála ar aghaidh le haghaidh anailíse deimhniúcháin. Ba léir i roinnt mhaith cásanna go raibh níos mó ná druga amháin i láthair. Deimhníonn an Biúró go bhfuil drugaí i láthair agus deimhníonn dlús na ndrugaí sin atá luaite go sonrach i Sceideal 2 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016. Déantar an tástáil drugaí saotharlainne ar fad i saoráid an Bhiúró i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

## Réamhthástáil Alcóil san Anáil

Cuirtear gléasanna Réamhthástála Anála (PBT) ar fáil don Gharda Síochána le húsáid ar thaobh an bhóthair le tástálacha a dhéanamh ar anáil tiománaithe le féachaint an bhfuil alcól i láthair. Déanann an Biúró na gléasanna seo a chalabrú gach dara bliain agus tá 1,400 acu ar fáil don fhórsa i gcónaí.

## Tástáil Fhianaiseach Alcóil san Anáil

Déantar tástáil ar uirlisí Tástála Fianaiseacha Anála (EBT) gach dara bliain. Cuireadh cuairteanna ar an láthair ar fionraí agus an tír faoi dhianghlasáil iomlán i mí Aibreáin. D'éirigh leis an gcur chuige seo trí chuairteanna áirithe a thabhairt ar aghaidh go dtí mí an Mhárta agus tríd an gcuid eile a bhogadh go dtí mí na Bealtaine. An toradh a bhí air seo ná gur coimeádadh beagnach gach uirlis EBT ar feadh iomlán na bliana 2020. Choimeád an Biúró 86 gléas tástála fianaiseach alcóil san anáil i stáisiúin na nGardaí ar fud na tíre.

## Dearbhú Cáilíochta

I ndiaidh iniúchadh de chuid INAB (Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú) go luath sa bhliain 2020, coimeádadh creidiúnú ISO 17025.

Chabhraigh scóip Sholúbtha an Bhiúró le hathruithe a dhéanamh maidir leis na scoithleibhéil a cuireadh le hanailítí áirithe atá mar chuid de phainéal réamhthástála drugaí an Bhiúró. Cuireadh na hathruithe seo i bhfeidhm ar scóip thástála an Bhiúró i ndiaidh iniúchadh an INAB i mí Aibreáin 2020.

## Sláinte, Leas agus Sábháilteacht

Cuireadh prótacail áirithe Covid -19 i bhfeidhm agus tá siad i bhfeidhm go fóill agus an tuarascáil seo ó 2020 á scríobh. San áireamh leis na prótacail seo seiceáil phearsanta teochta le déanamh ar theacht isteach chun an fhoirgnimh, córas

aontreo, scaradh sóisialta, comharthaíocht shoiléir agus maisc le caitheamh nuair a bhítear ag gluaiseacht timpeall an fhoirgnimh. Tá an Biúró agus an fhoireann tiomanta le cloí le treoirlínte an rialtais agus FSS. Chinntigh sé seo gur fhan an Biúró ar oscailt agus ag feidhmiú go hiomlán i gcaitheamh na bliana 2020.

Tá an Biúró tiomanta do thimpeallacht shábháilte a chur ar fáil do na fostaithe ar fad, d'innealtóirí a bhíonn ar cuairt, do Ghardaí agus do dhaoine eile. Rinneadh athbhreithniú ar Ráiteas Sábháilteachta an Bhiúró agus rinne monatóirí sábháilteachta na caighdeáin shábháilteachta ab airde a mheas agus a choimeád. Cloítear le Bunráiteas Sábháilteachta Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá teacht ag foireann an Bhiúró ar réimse iomlán na dtairiscintí sláinte agus folláine a chuirtear ar fáil don Ollscoil. Níor tharla timpistí ná eachtraí ar bith i rith na bliana a bhféadfaí tuairisc a thabhairt orthu.

### Roinnt Eolais agus Forbairt

Bíonn foireann an Bhiúró agus an Stiúrthóir i mbun cur i láthair ag roinnt de na cruinnithe a reáchtáiltear go fíorúil. Níor chuir an Biúró oiliúint ar Ghardaí le linn na bliana 2020. Ní chreidtear go raibh tionchar suntasach feidhmíochta aige seo mar gheall gur cuireadh oiliúint ar líon sásúil ball de chuid na nGardaí le blianta beaga anuas.

Tá eolaithe an Bhiúró mar bhaill de choistí náisiúnta agus idirnáisiúnta caighdeán agus roinnt eolais agus ar ghrúpaí oibre, lena n-áirítear OIML (an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Méadreolaíocht Dlí), Eurachem, UKIAFT (Cumann Tocsaineolaithe Fóiréinseacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann) agus EMCDDA (an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí). Lean obair na gcoistí seo ar aghaidh ar bhonn fíorúil.

## SAMPLAÍ A FUARTHAS SA TSAOTHARLANN LE HAGHAIDH ANAILÍSE

Sa bhliain 2020, fuarthas líon iomlán de 5,967 sampla fola agus fuail le haghaidh tástáil alcóil agus/nó drugaí.
Is ionann é seo agus méadú 23% ar líon na samplaí a fuarthas agus méadú 39% ar líon na samplaí a cuireadh ar aghaidh le haghaidh tástáil drugaí. Tháinig an méadú seo ar thástáil drugaí chun cinn mar gheall ar athrú a cuireadh i bhfeidhm ar an nós imeachta a d'fhág gur cuireadh gach sampla a raibh toradh alcóil < 100mg/100ml aige san fhuil nó a mhacasamhail san fhual ar aghaidh le haghaidh tástáil drugaí agus tháinig méadú ar rátaí braite drugaí An Gharda Síochána.


## Tábla 1

**Líon Iomlán na Samplaí a Fuarthas laistigh de Chláir**

| Clár | 2020 | 2019 | Méadú/Laghdú |
|---|---|---|---|
| **Alcól san Fhuil & san Fhual** | 5,967 | 4,854 | Méadú 23% |
| **Tocsaineolaíocht Fola & Fuail** | 4,489 | 3,229 | Méadú 39% |
| **Tástáil Fhianaiseach Anála** | 3,278 | 5,372 | Laghdú 39% |


## Cairt 1


**Samplaí Fola & Fuail faighte ag Contaetha**




Nóta: Líon na Samplaí a cuireadh ar aghaidh go dtí an Biúró le haghaidh anailíse ag An Garda Síochána

## Cairt 2







## Anailís Ama

De ghnáth, is i gcaitheamh na tréimhse idir an tráthnóna agus go luath ar maidir a chuirtear samplaí fola agus fuail ar fáil, mar atá léirithe sa chairt thíos. Níl athrú ar bith tagtha air seo le blianta anuas.

**Cairt 3**




## Líon na Samplaí a Cuireadh ar fáil in Ospidéil

Cuireadh 441 sampla ar fáil in ospidéil sa bhliain 2020, arb ionann é agus 7% de líon iomlán na samplaí fola agus fuail. Tháinig laghdú suntasach 18% ar líon na samplaí a tógadh in ospidéil in 2020 i gcomparáid le 2019, gné spéisiúil i gcomhthéacs an mhéadaithe iomláin 23% a tháinig ar líon na samplaí.

## Tiománaithe Gan Aithne


Sa bhliain 2020, cuireadh 4 shampla ar aghaidh go dtí an Biúró le haghaidh anailíse i ndiaidh tarraingtí fola ó thiománaithe gan aithne.

## Anailís Lae


De réir Chairt 4 thíos, tá sé soiléir go gcuirtear níos mó samplaí fola agus fuail ar fáil ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan. Tógtar an chuid is mó de na samplaí idir 11in tráthnóna Dé Sathairn agus 3rn maidin Dé Domhnaigh

**Cairt 4**

**Lá na Seachtaine ar Cuireadh an Sampla Ar Fáil**



**Uaireanta dheireadh na seachtaine - 4in ar an Satharn go dtí 11in ar oíche Dhomhnaigh**




Léirítear sna cairteacha thuas gur go déanach san oíche agus go luath ar maidin is mó a bhíonn tiománaithe ag tiomáint faoi thionchar ábhar meisciúil.

## Anailsís Inscne

Chonacthas pátrún a bhí cosúil leis sin sa chóimheas idir fir agus mná in 2020 i gcomparáid le blianta eile, sa mhéid gur fir a bhí in 86% de thiománaithe a chuir samplaí ar fáil.

**Tábla 2**

**Próifíl Inscne na Samplaí a fuarthas - Fuil & Fual**


| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **FIR** | 87% | 86% |
| **MNÁ** | 13% | 14% |

## Próifíl Aoise

Is ionann próifíl aoise na dtiománaithe atá idir 25 - 34 bliain d'aois a chuireann samplaí fola agus fuail ar fáil agus an céatadán is mó de thiománaithe a ghabhtar.


**Cairt 5**


**Próifíl Aoise Tiománaithe 2020**




**Cairt 6**

**Próifíl Aoise 2020 faoi Inscne**





0-24
25-34
35-44
45-54
55-64
65+
No. of Samples
2000
1800
1600
1400
1200
1000
800
600
400
200
0
103
1,289
223
1,932
209
1,144
145
448
69
185
47
118
Female
Male
Female
Male
Female
Male
Female
Male
Female
Male
Female
Male

# AN CLÁR ALCÓIL: FUIL & FUAL

Is í an Príomhanailísí, Ms Louise Lawlor, atá i gceannas ar an gclár seo.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir Fola agus Fuail:

- Admháil agus anailís le haghaidh ábhar meisciúil sna samplaí fola agus fuail a cuireadh ar aghaidh go dtí an Biúró
- Deimhniú an dlúis alcóil sna samplaí fola agus fuail
- Eisiúint Teastas Anailíse
- Tástáil ar shamplaí bréagacha
- Sainchabhair curtha ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha alcóil






## Fearais Fola agus Fuail curtha ar fáil

Is ionann 7,900 agus líon na bhfearas samplaí a ullmhaíodh sa bhliain 2020 (lena n-áirítear 6,400 fearas fola agus 1,500 fearas fuail.)
Eisíodh 7,200 fearas ar an iomlán, lena n-áirítear 5,600 fearas fola agus 1,600 fearas fuail go dtí Stórais Lárnacha na nGardaí in 2020.
Ullmhaíodh 1,700 crúiscín agus eisíodh 1,800 ceann acu. (Féach Tábla 3).

**Tábla 3**

**Fearais Ullmhaithe & Eisithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**

| | Fearais Ullmhaithe | | Fearais Eisithe | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| FEARAIS FOLA | 6,400 | 3,600 | 6,400 | 3,600 |
| FEARAIS FUAIL | 1,500 | 1,300 | 1,500 | 1,300 |
| CRÚISCÍNÍ | 1,700 | 1,400 | 1,700 | 1,400 |

## Anailís Alcóil san Fhuil agus san Fhual

Baintear úsáid as Crómatagrafaíocht Gháis Idirspáis le Brath Ianúchán lasrach (HSGC-FID) le hanailís a dhéanamh ar shamplaí Fola agus Fuail. Déanann beirt eolaithe éagsúla anailís ar gach sampla faoi dhó ar a laghad agus úsáid á baint acu as dhá chóras HSGC-FID éagsúil. Is gá go mbeadh torthaí na n-anailísí deimhnithe sula n-eiseofar Teastas Anailíse.

Fuarthas líon iomlán 5,967 de shamplaí fola agus fuail le haghaidh na hanailíse sa bhliain 2020. Ní bhfuarthas ach 14 shampla le haghaidh tástáil drugaí amháin, ós rud é go ndearnadh tástáil alcóil ar an tiománaí le huirlis Tástála Fianaisí Anála. I 69 cás, níor eisíodh teastais mar gheall ar fhabht éigin sa sampla nó sa cháipéisíocht a bhí in éineacht leis an sampla. Tháinig méadú 23% ar líon na samplaí fuail a fuarthas sa bhliain 2020 ón líon a fuarthas le linn na bliana 2019.

## Meánleibhéal Alcóil san Fhuil agus san Fhual

Ba é 148mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhuil agus ba é 199mg/100ml an meánleibhéal san fhual le haghaidh na bliana 2020, gan na samplaí nach raibh aon rian alcóil iontu san áireamh.


## Uasleibhéal Tuairiscithe Alcóil san Fhuil agus san Fhual

Ba é 396mg/100ml an t-uasleibhéal alcóil san fhuil agus ba é 494mg/100ml an t-uasleibhéal san fhual le haghaidh na bliana 2020.


*** Tá sé tábhachtach a lua nach mbíonn teacht ag an mBiúró ar shonraí rangúcháin tiománaithe nuair a fhaigheann siad samplaí le cur faoi thástáil, i.e. Tiománaithe a bhfuil Ceadúnas Iomlán acu i gcoinne Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tosaitheoirí, sa chás go bhfuil laghdú tagtha ar na teorainneacha dlí.*

Léirítear sciar na dtiománaithe sna grúpa éagsúla le aghaidh na fola agus an fhuail i gcairteacha 7 agus 8, faoi seach.

## Cairt 7




## Cairt 8



# AN CLÁR ALCÓIL: ANÁIL

Is í an Príomhanailísí, Ms Louise Lawlor, atá i gceannas ar an gclár seo.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir Alcól san Anáil:

- Trealamh a cheadú, a sholáthar agus a thástáil a thugann le fios má bhíonn alcól le brath san anáil (gléasanna réamhthástála anála ar thaobh an bhóthair)
- Trealamh a cheadú, a sholáthar agus a thástáil le dlús an alcóil a mheas san anáil (uirlisí tástála fianaisí anála)
- Sainchabhair a chur ar fáil do na Cúirteanna agus don DTTAS (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt).
- Cúrsaí oiliúna a chur ar fáil d’Oibritheoirí EvidenzerIRL agus do Mhaoirseoirí.
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha fianaiseacha alcóil san anáil.





## Tástáil Alcóil san Anáil ar Thaobh an Bhóthair

Rinneadh 2,410 calabrú ar an iomlán ar 7510 gléas leis na gléasanna á gcalabrú gach dara bliain.

## Tástáil Fhianaiseach Alcóil san Anáil

Lean an Biúró ar aghaidh ag tacú le 86 uirlis EvidenzerIRL agus á gcothabháil i stáisiúin na nGardaí ar fud na hÉireann.





## Oiliúint na nGardaí

Cuireadh Oiliúint na nGardaí ar fad ag an mBiúró ar fionraí ó tháinig srianta Covid i bhfeidhm i mí an Mhárta 2020.

## Uirlisí tástála EBT i Stáisiúin na nGardaí

Rinne eolaithe an Bhiúró tástáil faoi dhó ar a laghad ar gach uirlis a suiteáladh i stáisiúin na nGardaí . Rinneadh an tástáil seo ar an láthair 203 uair sa bhliain 2020 (213 uair sa bhliain 2019) in ainneoin srianta Covid-19 sa dá dianghlasáil sa bhliain 2020. Gné ríthábhachtach is ea an tástáil seo le cáilíocht thorthaí na tástála alcóil san anáil a chinntiú d’fhonn na fianaise.

**Cairt 9**




## Anailís ar Alcól san Anáil

Sa bhliain 2020, tugadh 3,278 tiománaí ar an iomlán go dtí Stáisiúin na nGardaí agus chuir siad ar fad samplaí anála ar fáil le haghaidh anailíse alcóil. Laghdú 39% atá anseo ar thiománaithe a tugadh isteach le samplaí anála a chur ar fáil d'uirlis EBT. I gcás 2% de na cásanna seo, thug EvidenzerIRL cúis ar leith chun solais nach bhféadfaí teastas Alt 13 a chur ar fáil, mar shampla, cosaintí ar nós Alcól Béil nó Difríocht Anála. I gcás 9% de thiománaithe, theip orthu nó dhiúltaigh siad samplaí anála a thabhairt. Cuireadh 2,783 (4,723 sa bhliain 2019) sampla anála ar an iomlán i gcrích go héifeachtach agus eisíodh teastas Alt 13.

As na tiománaithe ar fad a thug samplaí anála go héifeachtach, cláraíodh toradh alcóil a bhí os cionn a náid i gcás 94% díobh.


## Meánleibhéal Alcóil san Anáil

Ba é 51µg/100ml an meánleibhéal deimhnithe alcóil san anáil sa bhliain 2020, taobh amuigh de na samplaí anála a raibh toradh alcóil a náid acu.

## Anailís Ama

Rinneadh an líon brath is minice idir 10in agus 4rn.

## Cairt 10




## An Inscne i Samplaí Tástála Fianaisí Anála

Is mó ar fad líon na dtiománaithe fireanna a chaithfidh sampla anála a chur ar fáil ná líon na dtiománaithe baineanna, agus is é 6:1 an cóimheas idir fir agus mná.


**Tábla 4**

**Próifíl Inscne na Samplaí Anála a cuireadh ar fáil**


| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **FIR** | 85% | 86% |
| **MNÁ** | 15% | 14% |

## Cairt 11

**Próifíl Aoise Tiománaithe 2020 - Anáil**




## Cairt 12



# AN CLÁR TOCSAINEOLAÍOCHTA

Is é an Príomhanailísí, Dr Richard Maguire, atá i gceannas ar an gclár seo. Ba iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir seo sa bhliain 2020:


- Anailís a dhéanamh ar shamplaí fola agus fuail le druga nó drugaí a bhrath agus/nó dlús druga a dheimhniú.
- Eisiúint Teastas Anailíse má bhíonn druga nó drugaí i láthair agus/nó sa chás go ndeimhnítear dlús na ndrugaí.
- Gléasanna Réamhthástála Drugaí (leacht béil) a chur ar fáil/ a chothabháil agus rialú cáilíochta ar thomhaltáin.
- Anailís ar leacht béil le haghaidh an rialaithe cháilíochta.
- Modhanna nua a fhorbairt don tástáil drugaí agus feabhas a chur ar mhodhanna a bhí ann cheana.
- Sainchabhair a chur ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair agus don Gharda Síochána.
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha tocsaineolaíochta.
- Taighde ar dhrugaí atá mar chúis lagaithe ag tiománaithe.
- Forbairt ar na hEolaithe sa chlár Tocsaineolaíochta.

## Réamhthástáil Drugaí (PDT) ar Thaobh an Bhóthair/Stáisiúnbhunaithe

Cuireadh tús leis an gclár PDT sa bhliain 2017 agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 13 Aibreán 2017. Ar dtús, chuir sé seo 86 anailíseoir seasta DT5000 agus 47 anailíseoir soghluaiste ar fáil. Is féidir leis an anailíseoir Cannabas, Cócaon, Codlaidínigh agus Beinsidhé-asaipín a bhrath sa leacht béil. Bhí méadú breise go dtí 75 ar líon na ngléasanna soghluaiste i rith na bliana 2019 a d’fhág gur eisíodh 161 gléas soghluaiste ar an iomlán. Sa bhliain 2020, tháinig méadú 12 ar líon na ngléasanna Drager 5000 a d’fhág gurb é 173 an líon iomlán.

Bhí 86 córas stáisiúnbhunaithe ar fáil agus bhí 43 díobh seo ar fáil le húsáid lasmuigh de na stáisiúin, chomh maith. Bhí 87 anailíseoir ar an iomlán ar fáil le húsáid ar bhonn soghluaiste amháin. 12 cheann sa bhreis atá anseo i gcomparáid leis an líon a bhí ar fáil in 2019. Baintear úsáid as cúig anailíseoir le haghaidh na hOiliúna i gcoláiste Oiliúna an Gharda sa Teampall Mór. Déantar na gléasanna seo a chalabrú gach dara bliain.








Cheannaigh an Biúró 11,620 caiséad tástála drúgaí intomhalta, ar a dtugtar STKanna, le húsáid in éineacht leis na gléasanna sa bhliain 2020. Déanann an Biúró bainistiú ar an tástáil rialaithe cáilíochta a dhéantar ar chuid na STKanna den chóras. Is próiseas é seo a bhfuil dua ag baint leis agus bíonn anailís suntasach saotharlainne ag teastáil le cinntiú go mbíonn na STKanna ag teacht le riachtanais an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Bhí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sásta leis an bhfeidhmíocht anailíseach a bhí ag an DT5000 sa bhliain 2020 agus déanfar monatóireacht ar a chuid feidhmíochta ar bhonn leanúnach as seo amach.

Nuair a dhéantar tástálacha ar na hanailíseoirí déantar iad a thaifeadadh, agus is féidir an t-eolas seo a íoslódáil ar mhaithe leis an úsáid staitistiúil sula nglantar ó na hanailíseoirí é. Tiomsaíodh líon na dtástálacha ar na hanailíseoirí a bhí ar fáil don Gharda Síochána le haghaidh na bliana 2020; tá sé tábhachtach a lua, áfach, nach beart gníomhaíochta forfheidhmiúcháin é seo, agus ní dhéanann an córas reatha idirdhealú idir tástálacha a dhéantar le haghaidh oiliúna, taispeántais, rialaithe cháilíochta ná forfheidhmithe. Léirítear gníomhaíocht na bliana 2020 i dTábla 5 thíos.

**Tábla 5**

| CINEÁL ANAILÍSEORA IN ÚSÁID | LÍON NA DTÁSTÁLACHA |
|---|---|
| **Soghluaiste** | 10,069 (6,881 in 2019), méadú 46% |
| **Stáisiúnbhunaithe** | 1,820 (554 in 2019), méadú 228% |
| **Iomlán** | 11,889 (7,345 in 2019), méadú 61% |

Léirítear méadaithe sna figiúirí seo ar an úsáid a baineadh as anailíseoirí soghluaiste (46%) agus stáisiúnbhunaithe (228%). Bhí tionchar an-dearfach ag an athrú polasaí i mí Lúnasa 2020, a d'fhág go raibh 43 gléas stáisiúnbhunaithe ar fáil le húsáid ar bhonn soghluaiste, ar úsáid anailíseoirí agus ar bhrath drugaí i measc tiománaithe.

Sa chás go mbailítear sampla den leacht béil ó thiománaí le tástáil a dhéanamh air, agus go mbíonn toradh dearfach aige maidir le druga amháin nó le drugaí, iarrann an Biúró go gcuirfeadh An Garda Síochána "Foirm Eolais" (féach thíos) isteach

le torthaí na tástála ar thaobh an bhóthair a thabhairt le fios. An chúis atá leis seo ná comparáid a éascú idir feidhmíocht an DT5000 agus an tástáil saotharlainne ina dhiaidh. Sa bhliain 2020, cuireadh 2,162 sampla ar ais le "Foirm Eolais" ag tabhairt le fios go ndearnadh tástáil PDT ar an leacht béil (méadú 46% ó 2019). As na tástálacha seo ar fad, cuireadh toradh dearfach drugaí in iúl i 2,151 acu le haghaidh druga amháin ar a laghad as an gceithre dhruga ar féidir leis an DT5000 iad a bhrath.

As an 2,151 cás dearfach, is mar seo a leanas a bhí forleithne na ndrugaí a bhraith an DT5000: Bhí 67% acu dearfach ó thaobh cannabais de (66% 2019, 72% 2018, 64% 2017), bhí 46% dearfach ó thaobh cócaoin de (43% 2019, 41% 2018, 35% 2017), bhí 8% dearfach ó thaobh codlaidíneach de (8% 2019, 8% 2018, 8% 2017) agus bhí 5% dearfach ó thaobh beinsidhé-asaipíní de (4% 2019, 7% 2018, 5% 2017). Mar a bhí sna blianta atá caite, drugaí aindleathacha a braitheadh den chuid is mó seachas codlaidínigh agus beinsidhé-asaipíní, ar féidir iad a cheannach go dleathach agus/nó a ordú ach is féidir mí-úsáid a bhaint astu. Tá suntas ag baint leis an méadú bliain i ndiaidh bliana atá ag teacht ar bhrath cócaoin agus an DT5000 in úsáid agus is léir nach bhfuil sé ag cloí le treocht na ndrugaí eile.

**INFORMATION FORM**

To be returned to Medical Bureau of Road Safety with specimen taken under the Road Traffic Act.

(1) Driver's Name: ______________________

(2) Was Evidential Breath Testing carried out? **YES / NO**

(3) Was Preliminary Drug Testing carried out? **YES / NO**

Cannabis ☐ Benzodiazepine ☐ Cocaine ☐ Opiate ☐


Please indicate positive results by ticking the relevant boxes.

## Tástáil Saotharlainne

### Achoimre an tSampla Fola agus Fuail

Sa bhliain 2020, rinneadh anailís ar 4,489 sampla le fiosrú an raibh druga amháin nó drugaí i láthair. Méadú 39% atá anseo ar líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu sa bhliain 2019, ar méadú suntasach é. Léirítear an t-athrú atá tagtha ar an bhfigiúir seo ón mbliain 2015 sa chairt thíos (Cairt 13). Ón mbliain 2016, tá an t-ualach oibre sa tocsaineolaíocht tar éis méadú faoi cheathair.

**Cairt 13**




Bhí gá le hanailís tocsaineolaíochta i gcás 75% de na samplaí ar fad a fuarthas. (méadú 9% ón mbliain 2019 nuair a bhí anailís Tocsaineolaíochta ag teastáil ó 66% de na samplaí ar fad). Ó thús na bliana 2020, rinneadh tástáil go huathoibríoch ar shamplaí a raibh dlús alcóil ní ba lú ná 100mg/100ml fola agus a mhacasamhail san fhual acu. Roimhe sin, rinneadh tástáil go huathoibríoch ar shamplaí a raibh dlús alcóil ní ba lú ná 80mg/100ml fola agus 107mg/100ml fuail acu.

Bhí 26 sampla a bhí thar an teorainn alcóil (laghdú 33% ar an 39 sampla a bhí ann in 2019) á n-iarraidh go sonrach ag An Garda Síochána agus seoladh 14 sampla diúltach ó Thástálacha Fianaiseacha Anála (laghdú 66% ar an 42 sampla a bhí ann in 2019) go dtí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le haghaidh tástáil drugaí. Rinneadh tástáil uathoibríoch drugaí ar 119 sampla sa bhreis (méadú 290% ar an 41 sampla sa bhliain 2019) a bhí thar an teorainn alcóil atá luaite thuas ach a raibh toradh dearfach acu ó réamhthástáil drugaí ar thaobh an bhóthair nó i stáisiún Gardaí.


Thug na bearta a tugadh isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 an chumhacht do na Gardaí sampla fola a ghlacadh sna cásanna a raibh drugaí tugtha le fios sa réamhthástáil. Lean an t-athrú seo ar an gcineál sampla ar aghaidh sa bhliain 2020, agus fuil ab ea 90.1% (86% in 2019) de na samplaí a ndearnadh anailís orthu le haghaidh tocsaineolaíochta agus fual ab ea 9.9% díobh (14% fuail in 2019).

Rinneadh scagthástáil tosaigh do channabas, cócaon, codlaidínigh (m.sh., moirfín, cóidín), beinsidhé-asaipíní, amfataimíní (m.sh., amfataimín, meitiolamfataimín, MDA, MDMA) ag baint úsáid as Crómatagrafaíocht Leachtach le Speictiméadracht Mhaise (LC-MS-MS).

As an 4,489 sampla a tástáladh sa bhliain 2020, fuarthas amach go raibh 3,650 díobh dearfach i dtaobh grúpa drugaí amháin i ndiaidh réamhthástála saotharlainne drugaí, agus bhí 839 (19%) diúltach i dtaobh na ndrugaí a raibh an MBRS ag díriú orthu ag na tairseacha a bhí in úsáid ag an MBRS. B’ionann an figiúr dearfach drugaí seo agus 81% de na samplaí Tocsaineolaíochta agus 61% de na samplaí a fuarthas sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.


Léirítear i gCairt 14 thíos forleithne na ndrugaí a braitheadh sna samplaí fola agus fuail ar fad. Mar a bhí sna blianta atá caite, ba é an cannabas an druga ba choitianta mar a bhí in 2019. Tá an cócaon ar an dara druga is coitianta.

**Cairt 14**




